Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Feisteoir Meicneora
# (Clós Innealra, Leifear)

# Eolas d'Iarratasóirí

**Lúnasa, 2024**

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarratasóirí a bhfuil na cailíochtaí cuí agus an taithí ábhartha acu don phost Feisteoir Meicneora.

Tá sé beartaithe painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú óna líonfar folúntais Bhuna, Shealadacha agus conarthaí ar théarma seasta.

## 2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

Tuairisceoidh an t-iarratasóir rathúil do Shaoiste Feisteora an Chlóis Innealra nó do dhuine cuí eile mar a shocróidh an Chomhairle ó am go chéile.

Déanfaidh an Chomhairle dualgais a shannadh don iarratasóir rathúil a bheas ag teacht leis an chur síos poist chomhaontaithe don phost seo. Seo thíos liosta neamh-uileghabhálach de dhualgais:

- Tabhairt faoi dhualgais feisteora ar an láthair agus lasmuigh di, lena n-áirítear cliseadh meicniúil ar thaobh an bhóthair agus obair in áitreabh ar bith a bhíonn in úsáid ag Comhairle Contae Dhún na nGall lean n-áireofar áitreabh ar bith a gheofar amach anseo.
- Córais Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine Chomhairle Contae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm agus cloí leo ina n-iomláine.
- A bheith freagrach as gach comhpháirt agus trealamh sa stóras a choinneáil sábháilte.
- Imscrúdú agus cigireacht a dhéanamh ar fheithiclí agus gléasra, cinneadh ar obair riachtanach cothabhála ar fheithiclí agus gléasra agus í a dhéanamh, lena n-áirítear, táthú, cothabháil cabhlach ar fheithiclí agus trealamh diagnóisice a úsáid.
- Taifid a choinneáil go cúramach i dtaca le gach obair chothabhála agus dheisiúcháin a dhéantar, agus cloí go hiomlán le haon chóras bainistithe (teicneolaíocht faisnéise san áireamh) a chuirfeadh Comhairle Contae Dhún na nGall i bhfeidhm.
- Freagairt agus bheith ar fáil do ghlaonna amach seirbhíse as uaireanta arna rothlú ag an Chlós Innealra.
- An veain seirbhíse a thiomáint mar chuid dá d(h)ualgais.
- Obair in airde mheadhránach agus/nó in áiteanna cúnga mar chuid dá d(h)ualgais.
- Innealra, gléas, trealamh agus baill bhainteacha a oibriú de réir mar is gá, le n-áirítear teicneolaíocht atá ann cheana agus teicneolaíocht nua a thabharfaí isteach amach anseo agus a bheith freagrach as na baill a leithéid de bhaill faoina stiúir.
- Tabhairt faoi aon dualgais ábhartha eile arna sannadh ag Saoiste an Chlóis Innealra nó ag duine ainmnithe eile.
- Freastal ar chúrsaí oiliúna de réir mar is cuí:

Tá liosta neamhiomlán de ghnáthghléasra de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall a ndéanfar iniúchadh air mar chuid den ról sa tábla thíos.

| Trucailí, Feithiclí agus Gléasra | Trealamh Déanta agus Cothabhála Bóithre | Uirlisí beaga/ Gléasra |
|---|---|---|
| Leoraithe Dolúbtha Dumpála<br>Leoraithe Altacha<br>Tarracóirí Talmhaíochta<br>Rollóirí / Pábhálaithe Tancaeir Tarra Shoghluaiste agus Dhoghluaiste<br>Grádóirí<br>Leantóirí lódaire íseal<br>Veaineanna/Jípeanna<br>Sluasaidí Lódála / Teiliompróirí<br>Innill Dóiteáin<br>Craein Ché Muirí<br>Gléasra Meicniúil Eile | Mear-Phaisteálaithe<br>Paisteálaithe Láimhe<br>Spréiteoirí Bitumen<br>Spréiteoirí Sliseanna<br>Spréiteoirí Salainn<br>Céachtaí Sneachta<br>Stáisiúin Sáithithe Sáile<br>Gléasra agus Trealamh Cothabhála Geimhridh<br>Trealamh Meicniúil Eile | Gineadóirí<br>Caidéil Uisce<br>Boscaí Teo Bitumen<br>Innill Peitril<br>Séidirí Sneachta |

**Tábla 1: Innealra tipiciúil a ndéanfar cothabháil agus iniúchadh air**

## 3. Cáilíochtaí agus Riachtanais an Phoist

Dhearbhaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh na cháilíochtaí don phost Feisteoir Meicneora (Clós Innealra, Lifear) mar atá leagtha amach thíos:-

**(a) Carachtar**

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

**(b) Sláinte**

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh a gceapachán.

**(c) Oideachas, Oiliúint, Taithí etc.**

Ar dháta deiridh chur isteach na bhfoirmeacha iarratais, caithfidh an méid thíos a bheith ag iarratasóirí-

- Caighdeán maith Oideachais ghinearálta.
- Gach céim de phrintíseacht aitheanta sa Mheicneoireacht HGV nó mar Fheisteoir Innealra Tógála a bheith curtha i gcrích aige nó aici agus pas faighte nó bheith i mbun an chéim dheiridh de phrintiséacht aitheanta Sa Mheicníocht HGV nó Feisteoir Innealra tógála a chur i gcrích faoi

láthair (caithfidh printíseachtaí dá leithéid seo bheith ag QQI Leibhéal 6 ar a laghad).

- Ceadúnas Tiomána reatha iomlán, d'fheithiclí Chatagóir B

Is inmhianaithe, cé nach riachtanach, an méid seo a leanas:

- Cárta CSCS Pas Sábháilte reatha a bheith aige/aici
- Ceadúnas d'fheithiclí Chatagóir C.
- Ceadúnas Forcardaitheora a bheith aige/aici
- Taithí ar Sláinte, Sábháilteacht & Folláine ag an Obair agus taifid S&S a choinneáil.
- Chothabháil innealra a thaifeadadh agus ar thaifid deisiúcháin.
- Taithí ar bheith ag obair as do stuaim féin i dtimpeallacht oibre dhúshlánach.
- Taithí maidir le deisiúcháin agus cothabháil réimse leathan feithiclí ar a n-áirítear:
    - Gléasra trom agus éadrom.
    - Feithiclí HCV agus LCV.
- Eolas agus taithí maidir le córais feithiclí nua-aimseartha ar a n-áirítear:
    - AdBlue, EGR agus córais astaíochtaí eile.
    - Uathleictreachas, leictreonaic agus córais bus CAN.
    - Córais hiodrálacha agus neomatacha.
- Taithí maidir le teicnící táthaithe amhail MIG, ARC, prásáil agus sádráil.
- Taithí ar úsáid ríomhairí agus trealamh diagnóiseach.
- Eolas agus taithí maidir le riachtanais RSA do chothabháil, diagnóis agus deisiú HCVanna agus LCVanna le haghaidh CVRT agus cothabháil agus deisiú feithiclí.

**(d) Inniúlachtaí**

Os rud é go mbeidh na poist i rannóga éagsúla den eagraíocht, athróidh na dualgais ag brath ar an tasc. Beifear ag dúil go gcuirfidh sealbhóirí poist le héifeachtúlacht ghinearálta a fheabhsú sa rannóg a cheapfar iad.

Ní mór d'iarratasóirí don phost Feisteoir Meicneora na scileanna seo a leanas a léiriú:

**<u>Éifeachtacht Phearsanta</u>**

- A bheith réamhghníomhach agus réidh le tabhairt faoi dhúshláin nua.
- Do chuid ama agus do chuid oibre a bhainistiú go héifeachtach.
- Dearcadh dearfach agus díograiseach a bheith agat maidir leis an ról.

**<u>Cumarsáid</u>**

- Scileanna maithe cumarsáide.
- Taifid a choinneáil maidir le cothabháil agus deisiúcháin.

**Torthaí a Sholáthar**

- Scileanna maithe fadhb réitigh.
- Obair mar bhall foirne.
- Obair ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Mionchruinneas a léiriú.

**Eolas agus Taithí maidir le HGVanna agus nó Meicnic Tógála**

## 4. Mionsonraí an Phoist

### (a) Ginearálta

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú don phost Feisteoir Meicneora (Clós Innealra, Lifear) óna líonfar folúntais bhuana, shealadacha agus conarthaí ar théarma seasta.

### (b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, bliain amháin ar a laghad. Beidh sé faoi rogha na Comhairle cur le tréimhse promhaidh ar bith.

### (c) Luach Saothair

Is é an scála pá reatha náisiúnta seachtainiúil: íosmhéid €759.89 go huasmhéid €879.56 (Scála Pá Náisiúnta, ar aon dul le ciorclán EL 02/2024).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

### (d) Bunáit

Beidh an t-iarratasóir rathúil lonnaithe ag an Chlós Innealra, Lifear. Coinníonn an Chomhairle an ceart aici féin an sealbhóir poist a lonnú in aon bhunáit eile faoina stiúir, ag brath ar riachtanais na seirbhíse, de réir mar is praiticiúil agus is réasúnach.

### (e) Cónaí

Beidh sealbhóirí poist ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

### (f) Uaireanta Oibre / Saoire Bhliantúil

39 uair sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheas ann ón Luan go dtí an Aoine an dá lá sin san áireamh.

De bhreis air sin, beidh an Feisteoir ar fáil do dhualgais ragoibre lasmuigh de na huaireanta seo de réir mar is gá agus beidh ar an Fheisteoir a bheith

ar ghlao-dhualgas le linn oibríochtaí Cothabhála agus Cóirithe Dromchla an Gheimhridh de chuid na Comhairle. Is faoi chóras róta a thabharfar faoi dualgas ar bith mar seo. Beidh gnáthrátaí ragoibre i bhfeidhm, i gcomhréir le ciorcláin náisiúnta.

Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh liúntas saoire bhliantúla de réir chiorclán LG(P) 07/2011.

**(g) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

## 5. <u>Próiseas Earcaíochta</u>

**(a) Foirm Iarratais**

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán rphoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig **vacancies@donegalcoco.ie**
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

**(b) Gearrliostú**
Féadfar iarrthóirí a chur ar ghearrliosta d'Agallamh ar bhonn:

i. An t-eolas a chuirtear ar fáil ar an fhoirm iarratais <u>nó</u>
ii. Réamh-agallamh <u>nó</u>
iii. Scrúdú Uimhearthachta & Litearthachta <u>nó</u>
iv. Aon mheascán de na nithe thuas

Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé

le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**(c) Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - #FME 001**
Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Mas mian le hiarratasóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

**(d) Rúndacht**
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**(e) Eile**
Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**(f) Cúis Dícháilithe an Chanbhasáil**
Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach.

**(g) An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**
Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat
an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse
agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: [www.donegalcoco.ie](http://www.donegalcoco.ie)